

Aitheantóir TUSLA:	TU2015GY110
Ainm na Seirbhíse:	Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo
Seoladh na Seirbhíse:	Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo, An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Éirchód:	H91 K6NE
Ainm an tSoláthraí Cláraithe:	Séamus Ó Fátharta
Cineál na seirbhíse:	Lá iomlán
Dáta na Cigireachta:	11/02/2025
Líon na leanaí réamhscoile:	AM 77 PM 53
Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:	Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Cigireacht na Luathbhlianta, Stiúrthóireacht Dearbhaithe Cáilíochta, Foirgneamh Cliniciúil & Riaracháil Bloc A (An Chéad Uirlár - An Phasáiste Ghlas), Páirc Mhuirlinne, Gaillimh.
Cigireacht arna déanamh ag:	S. Meehan agus E. Friel.
Teideal:	Cigire Luathbhlianta.

An tÚdarás chun Cigireacht a dhéanamh

Déanann Cigireacht Luathbhlianta Tusla cigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí 1991 (arna chur isteach ag Alt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

Coinníollacha más infheidhme	Neamhbhainteach
-------------------------------------	-----------------

Cur síos ar an tseirbhís

Bunaíodh an naíolann agus an réamhscoil phobail seo sa bhliain 2009 agus tá sé in Indreabhán, in iarthar Chontae na Gaillimhe. Cuireann an tseirbhís an teanga agus an cultúr Gaeilge chun cinn. Cuireann an tseirbhís cúram lae iomlán agus seirbhís pháirtaimseartha ar fáil ó 07:15 go 18:15 agus clár cúraim réamhscoile um Chúram agus Oideachas Luathbhlianta (COLÓ) agus clár cúraim seisiúnach ó 09:00 go 12:00. Freastalaíonn an tseirbhís ar leanaí idir 0 mí agus 6 bliana d'aois, ó Luan go hAoine. Tá cúig sheomra súgartha, seomra foirne, seomra bia agus oifig riaracháin ag an tseirbhís. Tá cistin ainmnithe ag an tseirbhís ina n-ullmhaítear, ina gcócaráiltear agus ina stóráiltear sneaiceanna agus béilí. Tá seomra codlata ainmnithe amach ó Seomra 1 le cúig leaba. Tá leapacha inchruachta ar fáil do leanaí os cionn dhá bhliain d'aois le codladh i rith an lae. Bhí trí áit súgartha lasmuigh ainmnithe ann do leanaí le himirt, iniúchadh a dhéanamh agus aer úr a fháil.

An fhoireann

Fostaíonn an tseirbhís dhá duine is fiche fásta. Ní oibríonn an soláthraí cláraithe sa tseirbhís. Ar an lá d'oibrigh an duine ainmnithe i gceannas agus trí dhuine fásta déag go díreach leis na páistí. Bhí beirt daoine fásta ann freisin a dhéanann bia a ullmhú a chócaráil agus a sheirbheáil, agus riarthóir agus glantóir freisin.

Modheolaíocht

Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla an rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhíonann Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas soláthraí cláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus na rialacháin seo a chomhlíonadh. Tugann an tAcht seo an t-údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Is é cuspóir na rialála maidir le seirbhísí luathbhlianta ná a chinntiú go gcloítear le cúram, sábháilteacht agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí sin. Déantar cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta a phleanáil bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Stair chigireachta roimhe seo
- Aon fhaisnéis a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Faisnéis a fhaightear trí dhoiciméadacht a scrúdú
- Breathnóireacht dhíreach
- Plé leis an bhfoireann ábhartha

Bhí an chigireacht seo gan fógra agus dhírigh sí ar réimse an rialachais, na sláinte, an leasa agus fhorbairt leanaí, na sábháilteachta agus na n-áitreabh. Féadfaidh an chigireacht díriú ar réimsí eile freisin de réir mar is gá.

Dhírigh an chigireacht ar an scrúdú ar chomhlíonadh faoi:

Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

Rialachán 11 - Leibhéal foirne

Rialachán 16 – Taifead maidir le seirbhís réamhscoile

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt leanaí

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint

Rialachán 25 - Garchabhair

Rialachán 26 - Bearta sábháilteachta dóiteáin

Rialachán 29 – Áitribh

Tá na torthaí seo leagtha amach sna rialacháin iomchuí sa tuarascáil seo.

Baineadh úsáid as próiseas samplála chun comhlíonadh faoi rialachán 16 (i), (k) – Taifid i ndáil le seirbhísí réamhscoile – a mheas.

Déantar torthaí na cigireachta a dhoiciméadú sa tuarascáil chigireachta a eisítear den chéad uair i ndrúchtformáid chuig an tseirbhís agus deis ann freagra a thabhairt ar aon torthaí. Nuair a shainithnítear ceanglais reachtúla mar cheanglais nach bhfuil á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe a léiriú conas a cheartaigh sé an neamhchomhlíonadh agus cuirfidh sé cosc ar aon neamhchomhlíonadh tarlú arís. Úsáidfear an Plean um Ghníomhaíocht Cheartaitheach agus um Ghníomhaíocht Choisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le comhlíonadh na gceanglas rialála. Sa chás go dteipeann ar an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar tús a chur le próiseas maidir le géarú.

Forchoimeádann an chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar na freagraí a fhaightear ar chúiseanna lena n-áirítear soiléireacht, iomláine agus comhlíonadh na bpróiseas riaracháin agus dlíthiúil.

Is é an comhlacht cigireachta a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

Admhálacha

Ba mhian leis na cigirí buíochas a ghabháil as an gcomhoibriú a fuair sé ón duine atá i mbun údaráis, ón bhfoireann agus ó na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach fostaí, oibrí gan phá agus conraitheoir oiriúnach agus inniúil agus cineál na riachtanas atá ag leanaí á chur i gcuntas, lena n-áirítear-

(a) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

(d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéseach léi sin, ar a laghad.

Faisnéis maidir le comhlíonadh

(1)(a) Le linn na cigireachta, bhí duine ainmnithe i gceannas agus duine ainmnithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar fáil de réir mar a bhí gá leis.

(b) Bhí an bainisteoir agus an leasbhainisteoir ar fáil ar an láthair le linn oibriú na seirbhíse.

- (2) Bhí trí chomhad is fiche ar fáil don soláthraí cláraithe agus do dhaoine fásta a bhí fostaithe ag an tseirbhís. Rinneadh athbhreithniú ar na comhaid seo, agus tugadh faoi deara an méid seo a leanas:
- (a) Bhí tríocha seacht de na daichead sé teistiméireacht i scríbhinn le fianaise fíoraithe ar fáil ó iar-fhostóirí.
 - (b) Bhí ocht gcinn de na sé cinn is daichead de na teistiméireachtaí i scríbhinn a raibh fianaise fíoraithe leo ar fáil ó fhoinsé seachas iar-fhostóir.
 - (c) Bhí nochtuithe maidir le Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar fáil i leith gach duine fásta a bhí fostaithe ag an tseirbhís. Léirigh an tseirbhís gur comhlíonadh an Fógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán ón nGarda Síochána a athnuachan gach trí bliana.
 - (d) Bhí grinnfhioscrúcháin idirnáisiúnta póilíní ar fáil i leith duine amháin as ceathrar daoine fásta a raibh cónaí orthu lasmuigh den stát ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí as a chéile mar dhuine fásta.
- (4) Bhí dámhachtain mhór i gCúram agus Oideachas Luathbhlianta, idir Leibhéal 5 agus Leibhéal 8, nó cáilíocht choibhéiseach aitheanta ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, ag na daoine fásta go léir a bhí ag obair go díreach leis na leanaí.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíontacht

- (2)(a)(b) Bhí tagairt scríofa amháin agus bailíochtú ar iarraidh i leith duine fásta amháin.
- (d) Ní raibh grinnfhioscrúcháin idirnáisiúnta póilíní ar fáil i leith duine amháin as triúr daoine fásta a raibh cónaí orthu lasmuigh den stát ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí as a chéile mar dhuine fásta.

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach curtha isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Dúirt an soláthraí cláraithe ina bhfreagra:

Gníomhaíocht cheartaitheach agus choisctheach

- (2)(a)(b) Chuir an fostaí teistiméireacht i scríbhinn isteach a ndearna an bhainistíocht í a bhailíochtú.
- (d) Tá grinnscrúdú póilíní idirnáisiúnta faighte i gcás beirt daoine fásta.

Doiciméid tacaíochta curtha isteach

- (2)(a)(b) Fuair Cigireacht na Luathbhlianta teistiméireacht i scríbhinn amháin bailíochtaithe.
- (d) Fuair Cigireacht na Luathbhlianta grinnfhiosrú póilíní lasmuigh den dlí i leith beirt as triúr daoine fásta.

Léirmheas Achomair

Rinne na Cigirí Luathbhlianta athbhreithniú ar an bhfianaise a cuireadh isteach agus tá grinnfhiosrú na bpóilíní faoi Rialachán (2)(d) fós gan a bheith déanta i leith aon duine fásta amháin.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 11 - Leibhéal foirne

(1) *Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach daoine fásta i gcónaí ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*

(2) *Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláin nó seirbhíse cúraim lae pháirtaimseartha go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhreach tagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.*

Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-

(a) *déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís cúraim leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach a chinntiú go mbeidh beirt dhaoine fásta ar a laghad ar an áitreabh i gcónaí.*

Faisnéis maidir le comhlíonadh

(1) Bhí na cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí ceart agus cóir an 11/02/2025.

(2) D'áirithigh an soláthraí cláraithe gur cloíodh leis an gcóimheas íosta i ndáil le daoine fásta agus leanaí.

Ar mhaidin na cigireachta, bhí 77 leanbh réamhscoile i láthair, agus 13 duine fásta ag obair go díreach le leanaí ann.

Sa tráthnóna, bhí 53 leanbh réamhscoile i láthair agus 13 duine fásta ag tabhairt aire agus maoirseacht dhíreach dóibh. Ina theannta sin, bhí an Soláthraí Cláraithe ar fáil chun tacú le dualgais riaracháin na cigireachta agus chun gníomhú mar faoiseamh.

(8)(a) Léiríodh i bhfianaise dhoiciméadach ar an gclár go raibh beirt daoine fásta ar a laghad ar an láthair i gcónaí nuair a bhí an réamhscoil ag feidhmiú.

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 16 – Taifead maidir le seirbhís réamhscoile

(1) (1) *Deimhneoidh an soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifid i scríbhinn maidir leis an bhfaisnéis seo leanas i dtaca leis an tseirbhís*

(i) *Rinneadh athbhreithniú ar shampla de dheich bhfoirm um Riaradh Cógais i Seomra na Leanaí, agus bhí sé cinn díobh siúd comhlánaithe go hiomlán agus sínithe ag an mball foirne, ag an bhfinné agus ag an tuismitheoir/caomhnóir.*

(k) *sonraí maidir le haon tionóisc, díobháil nó teagmhas a bhain le leanbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís.*

Faisnéis maidir le comhlíonadh

(i) Rinneadh athbhreithniú ar 11 fhoirm riaracháin cógais shamplacha. Taifeadadh na sonraí riachtanacha go léir ar an bhfoirm a bhí sínithe ag tuismitheoirí, caomhnóirí, baill foirne agus an bainisteoir.

(k) Rinneadh athbhreithniú ar cheithre fhoirm tuairiscithe timpistí teagmhas shamplacha agus bhí fianaise ar fáil gur ncuireadh tuismitheoirí agus caomhnóirí ar an eolas, agus fuarthas a síniú i ndiaidh timpiste nó teagmhais ina raibh a leanbh páirteach a tharla sa tseirbhís réamhscoile.

Cuid V - Cúram Leanaí sa tSeirbhís Réamhscoile

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt leanaí

(1) *Cinnteoigh soláthraí cláraithe, le linn seirbhís réamhscoile a sholáthar-*

(a) *go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus dea-bhail gach linbh laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí, an idirghníomhaíocht, na hábhair agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d’aois agus do chéim forbartha an linbh, agus*

Faisnéis maidir le comhlíonadh

19(1)(a)

Bunriachtanais

- Bhí an beartas maidir le réim bia sláintiúil ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí lena bhreathnú. Bhí biachlár trí seachtaine ar taispeáint ar chláir fógraí na seomraí súgartha.
- Rinneadh an béile te agus na sneaiceanna don tráthnóna a chócaráil agus a ullmhú i gcistin na seirbhíse.
- Bhí ceapairí, brioscaí, torthaí, cáis agus iógart san áireamh sa sneaiceanna maidine a breathnaíodh.

- Bhíodh príomhbhéile te an lae ar fáil idir 11.30 am agus 1 pm agus bhí feoil mhionaithe blasta, prátaí brúite agus glasraí ann. Bhí scónaí baile-déanta, cáis agus rogha uisce nó bainne mar shneoiceanna don tráthnóna.
- Tugadh dóthain ama do na leanaí chun ithe gan deifir agus shuigh na siad sna seomraí súgartha ag boird ísle a bhí oiriúnach dá n-aois. Tugadh na leanaí chuig an seomra bia le haghaidh béile te an lae, áit a raibh an deis acu caint lena chéile agus le daoine fásta ar bhonn sóisialta.
- D'úsáid na leanaí sin a bhí ábalta dul chuig an leithreas dul chuig an leithreas go neamhspleách nó le cúnamh ó dhaoine fásta.
- Bhí fiche leanbh san iomlán i clúidíní agus rinneadh athrú naipcíní de réir mar a bhí gá leo i rith an lae go tráthúil sna limistéir athraithe clúidíní.
- Breathnaíodh níochán lámha tar éis dul chuig an leithreas, roimh am sneaiceanna agus tar éis súgartha lasmuigh. Tugadh meabhrúcháin do na leanaí agus rinne daoine fásta maoirseacht orthu.
- Bhí deis ag na páistí scíth a ligean nó suaimhneas a ghlacadh le suíocháin bhoga sna limistéir cluthar sna seomraí súgartha.
- Tugadh saoirse gluaiseachta do leanaí réamhscoile i ngach seomra súgartha.
- Bhí deis ag na leanaí dul amach le haghaidh aer úr agus gníomhaíochtaí súgartha ag amanna éagsúla i rith an lae.
- Breathnaíodh go raibh suim ag na daoine fásta sna leanaí, labhair siad leo de ghuth ísle, d'éist siad leo agus thug siad freagra ar a n-iarrtaí. Bhí idirghníomhaíocht dhearfach ag na daoine fásta leis na páistí m.sh. shuigh siad ag leibhéal na leanaí, choinnigh siad dea-theagmháil súl, léirigh siad comhbhá agus tuiscint mhaith ar gach leanbh agus breathnaíodh go raibh siad cúramúil agus tacúil ina n-idirghníomhaíochtaí leis na leanaí.
- Breathnaíodh daoine fásta ag cabhrú le leanaí réitigh a aimsiú, ag tacú leo agus ag caint le leanaí ar bhealaí éagsúla - ag plé, ag ceistiú, ag samhaltú agus ag trácht, ag leathnú gníomhaíochtaí linbh agus ag tosú cluichí agus gníomhaíochtaí.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint

Cinnteoídh soláthraí cláraithe go ndéantar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint agus go bhfuil timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

Faisnéis maidir le comhlíonadh

Sábháilteacht Ghinearálta:

- Bhí an bealach isteach ar an tseirbhís daingnithe go cuí le córas cloig chun monatóireacht a dhéanamh ar bhealach isteach daoine sa tseirbhís. Ag na pointí iontrála inmheánacha agus imeachta seachtracha cosc ar leanaí imeacht nó ar dhaoine neamhúdraithe dul isteach sa tseirbhís.
- Bhí an limistéar lasmuigh daingnithe le fál ard agus geataí.
- Breathnaíodh ar na leanaí go raibh maoirseacht á déanamh orthu nuair a shroich siad agus nuair a d'ímigh siad. Taifeadadh é sin ar fheidhmchlár ilmheán na seirbhíse do gach seomra súgartha.
- Bhí míreanna guaiseacha as rochtain na leanaí i gcófraí agus bhí siad daingnithe le gléasanna sábháilteachta leanaí chun cosc a chur ar na leanaí rochtain a fháil ar an ábhar istigh.

Rialú Ionfhabhtaithe:

- Coinníodh an tseirbhís i riocht glan agus sláinteach ar feadh na tréimhse.
- Bhí áiseanna sláintíochta na leanaí agus na ndaoine fásta feistithe go cuí agus uisce reatha te, gallúnach leachtach, tuáillí páipéir láimhe, agus boscaí bruscair le claibíní agus le troitheánacha curtha ar fáil. Taifeadadh teocht an uisce the ag idir 28°C agus 34°C sna limistéir sláintíochta.
- Rinneadh athruithe clúidíní de réir beartas rialaithe ionfhabhtaithe na seirbhíse. Bhí nós imeachta maidir le athrú clúidíní ar taispeáint i ngach ceann de na háiseanna athraithe clúidíní. Breathnaíodh ar an dea-chleachtas ar an lá.
- Nigh na páistí agus na daoine fásta araon a lámha ag eatrainmh chúí i ndiaidh gníomhaíochtaí, nuair a chuaigh siad go dtí an leithreas agus roimh bhéilí.
- Stóráladh earraí bia agus deochanna i gcuisneoirí na seirbhíse.
- Stóráladh gobáin na leanaí i gcoimeádáin arna lipéadú go huathúil.
- Bhí línéadach leapa agus earraí cúraim phearsanta na leanaí lipéadaithe agus stóráilte ar leithligh óna chéile.

Cógais a Riaradh:

- Bhí toiliú tuismitheoirí ar fáil maidir le cógais, idir cógais ar oideas agus gan oideas araon, a tugadh do na leanaí a bhí i láthair.
- Chomhairligh na daoine fásta go raibh córas acu chun dátaí éaga a sheiceáil go rialta.

- Bhí cógas do leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís laistigh den dáta éaga agus stóráilte de réir threoracha an mhonaróra.
- Chomhlánaigh na tuismitheoirí agus caomhnóirí foirm toilithe cógais.
- Bhí an modh ceart chun cógas a riaradh a thairfeadh i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus leis an mbeartas seirbhíse.
- Stóráladh an cógas de réir threoracha an mhonaróra agus áit nach raibh rochtain ag na leanaí air.

Codladh Slán:

- Bhí seomra codlata ainmnithe amháin lasmuigh de Seomra 1 agus 5 chliabhán ann. Ina theannta sin, bhí 18 leaba inchruachta i Seomra 2 a bhí ar fáil do leanaí os cionn 2 bhliain d'aois freisin.
- Breathnaíodh leanaí á gcur a chodladh sa seomra codlata ainmnithe agus ar leapacha inchruachta i rith an lae.
- Choinnigh an tseirbhís taifid codlata deich nóiméad ar an bhfeidhmchlár ilmheán. Áiríodh sna taifid maidir le leanaí a bhí ina gcodladh taifead ar theocht an tseomra agus ar shuíomh, dath agus análú an linbh de réir threoirlínte dea-chleachtais do sheirbhísí cúraim leanaí maidir le codladh sábháilte do dhaoine faoi bhun dhá bhliain d'aois agus síniú an duine fásta a sheiceálann an leanbh a bhí ina chodladh.
- Bhí teirmiméadar cochail ar fáil i ngach ceann de na seomraí codlata agus úsáideadh é mar mhodh chun teocht an tseomra codlata a thairfeadh. Thairfeadh an teocht 19.1 °C an lá sin.
- Bhí soláthar línéadaigh ghlan ar fáil do gach leanbh. Bhí an línéadach go léir a cuireadh ar fáil glan, tirim, agus stóráilte i gcoimeádáin séalaithe lipéadaithe laistigh den seomra codlata.
- Baineadh úsáid as pluideanna ceallacha a ligeann don aer scaipeadh i dtobh gach leanbh faoi bhun dhá bhliain d'aois.
- I ngach ceann de na seomraí súgartha, bhí limistéir scíthe ciúine le suíocháin de mhéid leanaí agus mataí boga ar fáil do leanaí chun scíth a ligean nó a scíth a ligean.

Sábháilteacht ó Dhóiteán:

- Rinneadh cleachtaí dóiteáin míosúla sa tseirbhís.
- Bhí na doirse éalaithe dóiteáin agus na pasáistí saor ó bhacainní.
- Bhí na bealaí éalaithe dóiteáin agus na pointí tionóil dóiteáin soiléir agus soilsithe.

Turais:

- Dúirt an bainisteoir nach réachtálann an tseirbhís turais amach.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 25 - Garchabhair

- (1) Áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte i ngarchabhrach do leanaí ar fáil láithreach, i gcónaí, do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.
- (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar bosca garchabhrach atá feistithe go cuí do leanaí-
- (a) a stóráil go sábháilte in áit atá inrochtana agus feiceálach go héasca san áitreabh, agus
 - (b) go mbeidh sé ar fáil do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i gcónaí.

Faisnéis maidir le comhlíonadh

- (1) Bhí taifead oiliúna cothrom le dáta ó thaobh Freagrach Garchabhrach (FAR) ag beirt daoine fásta agus bhí siad ar an rolla le bheith ar fáil ar an láthair an lá. Cruthaíodh sna teastais a bhí ar fáil go raibh oiliúint um Fhreagairt Gharchabhrach (FAR) ag seisear daoine fásta san iomlán.
- (2)(a) Bhí boscaí garchabhrach a bhí feistithe go hiomchuí ar fáil i ngach seomra súgartha.
- (b) Bhí boscaí garchabhrach ar fáil lena n-úsáid ag na daoine fásta i gcás éigeandála sa tseirbhís.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 26 - Bearta sábháilteachta dóiteáin

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn-
- (a) aon druil dóiteáin a bheidh ar siúl san áitreabh, agus
 - (b) den mhéid agus den choinneáil de threalamh comhraicthe dóiteáin agus d'aláram deataigh atá suite san áitreabh, agus taifead cothabhála maidir leo, leis.
- (4) Déanfar fógra faoi na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

Faisnéis maidir le comhlíonadh

- (1)(a) Bhí taifid ar fáil chun a léiriú gur chríochnaigh an tseirbhís cleachtaí dóiteáin míosúla. Bhí an cleachtadh dóiteáin deireanach ar siúl ar an 3 Eanáir 2025.
- (b) Bhí taifid cothrom le dáta ar fáil maidir le líon, cineál agus cothabháil na seirbhíse dóiteáin agus an chórais aláraim deataigh. Ba é an 8 Deireadh Fómhair 2024 an dáta seirbhíse is déanaí a taifeadh don trealamh comhraicthe dóiteáin agus ba é an 30 Eanáir 2025 dáta an deimhnithe aláraim deataigh.
- (4) Taispeánadh fógraí gníomhaíochta dóiteáin ag léiriú na nósanna imeachta le leanúint i gcás dóiteáin.

Cuid VII – Riachtanais Áitribh agus Spáis

Rialachán 29 – Áitribh

Cinntoidh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—

(d) glanta, cothabháilte agus deisithe de réir mar a bhíonn gá leis.

Faisnéis maidir le comhlíonadh

(29)(d)

1. Bhí na ballaí ar fud na seirbhíse péinteáilte ón am a rinneadh an chigireacht dheireanach an 11 Meitheamh 2024 agus bhí siad i riocht maith.
2. Tá paiste tais a bhí ar shíleáil Seomra 2 san iniúchadh deireanach a rinneadh an 11 Meitheamh 2024 deisithe anois.
3. Bhí an t-aeráil mheicniúil sna limistéir sláintíochta seirbhísithe agus athsholáthair ó rinneadh an chigireacht dheireanach ar an 11 Meitheamh 2024 agus breathnaíodh go raibh sí glan agus sláinteach.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíontacht

1. Bhí tíleanna ar iarraidh nó tite anuas sa limistéar sláintíochta do leanaí agus sa limistéar sláintíochta do dhaoine fásta. Ba neamhchomhlíonadh é sin sa chigireacht a rinneadh roimhe seo, dar dháta an 11/06/2024.
2. Bhí na creataí adhmaid ar thaobh amuigh an fhoirgnimh buailte ag an aimsir agus bhí gá lena dheisiú. Ba neamhchomhlíonadh é sin sa chigireacht a rinneadh roimhe seo, dar dháta an 11/06/2024.

Gníomh Ceartaitheach & Coisctheach curtha isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Luaigh an soláthraí cláraithe:

Gníomhaíocht cheartaitheach agus choisctheach

1. Deisíodh na tíleanna i limistéar sláintíochta na leanaí agus na ndaoine fásta.
2. Chuir an conraitheoir ríomhphost chucu ina luadh go ndéanfaí an obair i rith an tsamhraidh.

Doiciméid tacaíochta curtha isteach

1. Fianaise ghrianghrafadóireachta ar thíleanna a deisíodh i limistéir sláintíochta na leanaí agus na ndaoine fásta.
2. Cuireadh fianaise dhoiciméadaithe isteach maidir le ríomhphost an conraitheoir chuig an soláthraí cláraithe i dtaobh an obair a dhéanamh i rith an tsamhraidh.

Léirmheas Achomair

1. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfianaise ghrianghrafadóireachta agus measadh gur chomhlíon sí na ceanglais faoin gcuid seo de na rialacháin.

- Rinne na Cigirí Luathbhlianta athbhreithniú ar an ríomhphost agus tá an neamhchomhlíonadh fós gan réiteach.

Early Years Inspectorate Regulatory Report

Pre School

TUSLA Identifier:	TU2015GY110
--------------------------	-------------

Name of Service:	Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo
-------------------------	---------------------------------

Address of Service:	Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo, An Cnoc, Indreabhan, Co. Galway
----------------------------	--

Eircode:	H91 K6NE
-----------------	----------

Name of Registered Provider:	Seamus O'Fatharta
-------------------------------------	-------------------

Service type:	Full Day
----------------------	----------

Date of Inspection:	11/02/2025
----------------------------	------------

No of pre-school children:	AM	77	PM	53
-----------------------------------	----	----	----	----

Address of the Early Years Inspectorate:	Tusla – Child and Family Agency, Early Years Inspectorate, Quality Assurance Directorate, Clinical & Administration Building, Block A - (1st Floor- Green Corridor), Merlin Park, Galway.
Inspection undertaken by:	S. Meehan and E. Friel.
Title:	Early Years Inspector.

Authority to Inspect	
The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013).	

Conditions if applicable	Not Applicable
---------------------------------	----------------

Description of service

This community crèche and pre-school was established in 2009 and is in Indreabhan, in west county Galway. The service promotes the Irish language and culture. The service offers full day care and part time service from 07:15 to 18:15 and an Early Childhood Care and Education (ECCE) pre-school care programme and a sessional care programme from 09:00 to 12:00. The service caters for children aged between 0 months and 6 years of age, from Monday to Friday. The service has five playrooms, staff room, dining room and administration office. The service has a designated kitchen where snacks and meals are prepared, cooked and stored. There is a designated sleep room off the Seomra 1 with five cots. Stackable beds are available for children over two years of age to sleep during the day. There were three designated outdoor play areas for children to play, explore and get fresh air.

Staffing

The service employs twenty-two adults. The registered provider does not work in the service. On the day the designated person in charge and thirteen adults worked directly with the children. There were also two adults who prepare, cook and serve food, an administrator and a cleaner.

Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well-being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance, health, welfare and development of child, safety and premises. The inspection may also focus on other areas as required.

The inspection focused on an examination of compliance under:

Regulation 9 – Management and recruitment

Regulation 11 - Staffing levels

Regulation 16 – Record in relation to pre-school service

Regulation 19 - Health, welfare and development of child

Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child

Regulation 25 - First aid

Regulation 26 - Fire safety measures

Regulation 29 - Premises

These findings are outlined within the relevant regulations within this report.

A sampling process was used to assess compliance under regulation 16 (i), (k) – Records in relation to preschool services.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non-compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

Acknowledgments

The inspectors wish to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

Part III – Management and Staff

Regulation 9 – Management and recruitment

(1) A registered provider shall ensure that-

- (a) the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,
- (b) at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and

(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-

- (a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,
- (b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,
- (c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and
- (d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.

(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.

Compliance Information

(1)(a) During the inspection a designated person in charge and a named person to deputise were available as required.

(b) The manager and the deputy manager were available on the premises during the operation of the service.

(2) Twenty-three files were available for the registered provider and adults employed by the service. These files were reviewed, and the following was noted:

- (a) Thirty-seven of the forty-six written references with evidence of verification were available from past employers.
- (b) Eight of the forty-six written references with evidence of verification were available from a source other than a past employer.

(c) Garda Vetting disclosures were available in respect of all adults employed by the service. The service demonstrated compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice requiring services to renew Garda vetting every three years.

(d) International police vetting was available in respect of one of four adults who lived outside the state for a period of longer than six consecutive months as an adult.

(4) All the adults working directly with the children held a major award in Early Childhood Care and Education ranging from Level 5 to 8 or a recognised equivalent qualification on the National Framework of Qualifications.

Non-Compliance Information

(2)(a)(b) One written reference and validation were missing in respect of one adult.

(d) International police vetting was not available in respect of three adults who lived outside the state for a period of longer than six consecutive months as an adult.

Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider

The registered provider stated in their response:

Corrective and Preventive Action

(2)(a)(b) The employee submitted a written reference which was validated by management.

(d) International police vetting has been received for two adults.

Supporting documentation submitted

(2)(a)(b) One written validated reference was received by the Early Years Inspectorate.

(d) Two of the three adults out of jurisdiction police vetting were received by the Early Years Inspectorate.

Summary Comment

The Early Years Inspectors reviewed the evidence submitted and police vetting remains outstanding for one adult under Regulation (2)(d).

Part III – Management and Staff

Regulation 11 - Staffing levels

(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.

(2) Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.

(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)-

(a) a registered provider of a pre-school service other than a child-minding service or a sessional pre-school service shall ensure that there are at least 2 adults on the premises at all times.

Compliance Information

(1) The adult and child ratios were correct on the 11/02/2025.

(2) The registered provider ensured that the minimum ratio of adults to children was adhered to.

On the morning of the inspection, there were 77 preschool children present, with 13 adults working directly with children.

In the afternoon, there were 53 preschool children present with 13 adults directly caring for and supervising them. Additionally, the Registered Provider was available to support the administration duties of the inspection and act as relief.

(8)(a) Documentary evidence on the roster indicated that at least two adults were on the premises at all times when the pre-school was operating.

Part IV – Information and Records

Regulation 16 – Record in relation to pre-school service

(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of the following information in relation to the service:

- (i) A sample of ten Administration of Medication forms were reviewed in the Baby Room, of these, six were fully completed with the staff member, witness and parent/guardian signatures.*
- (k) details of any accident, injury or incident involving a pre-school child attending the service.*

Compliance Information

- (i) A sample of 11 administration of medication forms were reviewed. All necessary details were recorded on the form which had been signed by parents, guardians, staff and the manager.
- (k) A sample of four accidents and incidents report forms were reviewed and there was evidence available that parents and guardians were informed, and their signature was obtained following an accident or incident involving their child in the preschool service.

Part V - Care of Child in Pre-school Service

Regulation 19 - Health, welfare and development of child

(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-

(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and

Compliance Information

19(1)(a)

Basic Needs

- The healthy eating policy was available for parents and guardians to view. A three-week menu was displayed in the playrooms notice boards.
- The hot meal and afternoon snacks were cooked and prepared in the service kitchen.
- The morning snack observed consisted of sandwiches, crackers, fruit, cheese and yogurts.
- The main hot meal of the day was served between 11.30 am and 1 pm and consisted of savoury mince, mashed potatoes and vegetables. The afternoon snack was homemade scones, cheese and a choice of water or milk.
- Children were given sufficient time to eat in an unhurried manner and the children in the playrooms sat at age-appropriate low-level tables. Children were brought to the dining room for the hot meal of the day where they got the opportunity to talk to each other and adults on a social basis.
- The children who were toilet trained used the toilet independently or with some assistance from adults.
- There was a total of twenty children in nappies and nappy changing took place as required throughout the day in a timely manner in the nappy changing areas.
- Hand washing was observed after toileting, before snack time and after outdoor play. Children were given reminders and supervised by adults.
- The children had the opportunity to rest or relax with soft seating in the cosy areas in the playrooms.
- Freedom of movement was afforded for preschool children in all the playrooms.
- Children had the opportunity to go outside for fresh air and play activities at various times throughout the day.
- The adults were observed to be interested in the children, spoke in low tones, listened to them and responded to their requests. The adults interacted in a positive way with the children e.g. they sat at

children's level, maintained good eye contact, showed empathy and a good understanding of each child and were observed to be caring and supportive in their interactions with the children.

- Adults were observed helping children to find solutions, supporting them and talking to children in a variety of ways- discussing, questioning, modelling and commentating, extending a child's activities and initiating games and activities.

Part VI - Safety

Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child

A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.

Compliance Information

General Safety:

- The entrance to the service was appropriately secured with a bell operated system to monitor people's entry to the service. The internal entry and external exit points prevented children leaving or unauthorised persons entering the service.
- The outdoor area was secured with a high fence and gates.
- The children were observed to be supervised on arrival and departure. This was recorded on the service's multimedia application for each playroom.
- Hazardous items were out of reach of the children in cupboards and were secured with child safety devices to prevent the children accessing the contents within.

Infection Control:

- The service throughout was maintained in a clean and hygienic condition.
- The children's and adult's sanitary facilities were appropriately equipped with warm running water, liquid soap, hand paper towels, lidded and pedal operated bins. The warm water was recorded at a temperature of 28°C to 34°C in the sanitary areas.
- Nappy changes were completed in accordance with the service's infection control policy. A nappy changing procedure was displayed in each of the nappy changing facilities. Best practice was observed on the day.
- Both the children and the adults washed their hands at appropriate intervals after activities, toileting and before mealtime.
- Perishable food items and beverages were stored in the service fridges.

- The children's soothers were stored in individually labelled containers.
- The children's bedlinen and personal care items were labelled and stored individually.

Administration of Medication:

- Parental consent was available for prescription and non-prescription medications given to the children in attendance.
- The adults advised that they had a system for regularly checking expiry dates.
- Medication for children attending the service was within expiry date and stored as per manufacturer's instructions.
- Parents and guardians completed a medication consent form.
- The correct method of recording medication administered was in line with best practice and the service policy.
- Medication was stored in line with manufacturer's instructions and out of reach of the children.

Safe Sleep:

- There was one designated sleep room off Seomra 1 with 5 cots. In addition, there were 18 stackable beds in Seomra 2 which were also available for children over 2 years.
- Children were observed to be put down to sleep in the designated sleep room and on stackable beds throughout the day.
- The service kept ten- minute sleep records on the multimedia application. Records for sleeping children included a record of the room temperature and the position, colour and breathing of the child as per the safe sleep for under two's best practice guidelines for childcare services policy and the signature of the adult who checks the sleeping child.
- A pod thermometer was available in each of the sleep rooms and used as the method of recording the sleep room temperature. The temperature was recorded at 19.1 °C on the day.
- A supply of clean linen was available for each child. All linen provided was clean, dry, and stored in sealed labelled containers within the sleep room.
- Cellular blankets that allow air to circulate were used for all children under two years of age.
- In each of the playrooms, quiet rest areas with child size seating and soft matting were available for children to rest or relax.

Fire Safety:

- Monthly fire drills were carried out in the service.
- The fire exit doors and passageways were clear from obstruction.

- The fire exit routes, and fire assembly points were readily identified with clear and illuminated signage.

Outing:

- The manager stated that the service does not conduct outings.

Part VI - Safety

Regulation 25 - First aid

(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.

(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-

(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and

(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.

Compliance Information

(1) Two adults had a record of up to date First Aid Response (FAR) training and were rostered to be available on the premises on the day. Certificates available evidenced that a total of six adults had in date First Aid Response (FAR) training.

(2)(a) Suitably equipped first aid boxes were available in all the playrooms.

(b) First aid boxes were available for use by the adults in the event of an emergency in the service.

Part VI - Safety

Regulation 26 - Fire safety measures

- (1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-
- (a) any fire drill that takes place in the premises, and
 - (b) the number, type and maintenance record of firefighting equipment and smoke alarms in the premises.
- (4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.

Compliance Information

- (1)(a) Records were available to demonstrate that monthly fire drills were completed by the service. The last fire drill took place on the 03 January 2025.
- (b) Up-to-date records of the number, type and maintenance service were available for the firefighting equipment and the smoke alarm system. The most recent service date recorded for the firefighting equipment was 8 October 2024 and the smoke alarm certificate was dated 30 January 2025.
- (4) Fire action notices were displayed demonstrating the procedures to be followed in the event of a fire.

Part VII - Premises and Space Requirements

Regulation 29 - Premises

- A registered provider shall ensure that the premises of the service are-
- (d) cleaned, maintained and repaired, as required.

Compliance Information

- (29)(d)
1. The walls throughout the service had been painted since the last inspection on 11 June 2024 and were in a good state of repair.
 2. A damp patch on the ceiling of Seomra 2 from the last inspection 11 June 2024 has now been repaired.
 3. The mechanically operated ventilation in the sanitary areas had been serviced and replaced since the last inspection 11 June 2024 was observed to be in a clean and hygienic condition.

Non-Compliance Information

1. Tiles were missing or fallen off in the children's sanitary area and the adult sanitary area. This was a non-compliance on the previous inspection dated the 11/06/2024.

2. The woodwork on the exterior of the building was weather beaten and in need of repair. This was a non-compliance on the previous inspection dated the 11/06/2024.

Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider

The registered provider stated that:

Corrective and Preventive Action

1. The tiles were repaired in the children's and adult's sanitary area.
2. The contractor sent an email that the work would be carried out during the summer.

Supporting documentation submitted

1. Photographic evidence of tiles repaired in the children's and adult sanitary areas.
2. Documented evidence was submitted of an email sent to the registered provider from the contractor to carry out during the summer.

Summary Comment

1. The photographic evidence was reviewed and has been deemed to have met the requirements under this part of the regulations.
2. The email was reviewed by the Early Years Inspectors and the non-compliance remains outstanding.